# Treoir ar Úsáid Drón



An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Dróin agus Cosaint Sonraí

Is catagóir leathan aerárthaí ar mhéideanna éagsúla iad Dróin (Gnáthainm do Chórais Aerárthaí Gan Foireann (UAS)) atá cianrialaithe gan daoine ar bord, feistithe le teicneolaíocht chun íomhánna, físeáin, fuaimeanna a bhailiú agus/nó faisnéis eile a bhailiú (córas bailithe sonraí) agus iad a tharchur go dtí gléas cliste (mar shampla, go dtí néalstóráil). Cosúil le Ceamaraí Coirp (BWC) (féach: Treoir ar Cheamaraí Coirp) is féidir dróin a athrú nach mór ina gcóras faireachais soghluaiste agus tá baol mór ann go ngabhfaidh siad sonraí pearsanta daoine a bhíonn ag dul thar bráid (ábhair sonraí) (féach: An Bunús atá le Cosaint Sonraí). Tá na treoirlínte seo curtha i dtoll a chéile d'oibritheoirí dróin chun críocha eile seachas críocha bainteach le dlí poiblí (féach: An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí) agus chun ceisteanna a fhreagairt ó thaobh ábhair sonraí de. Tá sonraí eile maidir le heitlíocht drón amhail ceanglais slándála, sábháilteachta agus deimhniúcháin lasmuigh de réim na dtreoirlínte seo go fóill (féach: Údarás Eitlíochta na hÉireann www.iaa.ie).

## Oibritheoirí Dróin ina Rialaitheoirí Sonraí

Beag beann ar chineál do ghníomhaíochta (gairmiúil nó áineas), de réir dhlí AE lena rialaítear aerárthaí gan foireann[1] d'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le bailiú faisnéise mar a bhaineann sé le **duine sainaitheanta** trí chóras bailithe sonraí a fheidhmiú ar dhrón (féach: An Bunús atá le Cosaint Sonraí). Má fhaightear gur **rialaitheoir sonraí** thú, mar gur tusa a shocraíonn na feidhmeanna agus bealach na gníomhaíochta próiseála sonraí (féach: An Bunús atá le Cosaint Sonraí, tá dualgas ort an dlí cosanta sonraí infheidhme ar fad a chomhlíonadh (agus a bheith ábalta do chomhlíontacht a léiriú) leis an dlí cosanta sonraí infheidhme ar fad a chomhlíonadh (féach: Mearthreoir maidir le Prionsabail um Chosaint Sonraí) seachas má mheastar gur gníomhaíocht de chineál tís nó de chineál pearsanta amháin atá ann;

> Mar shampla, má tá drón **feistithe le ceamara,** agus go mbíonn an ceamara sin á oibriú agat chun taifeadadh a dhéanamh ar fhíseán/íomhanna ag airde ina bhféadfá duine a aithint, fiú le cúnamh ó uirlisí eile amhail zúmáil, is dócha go mbíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil agat agus go bhfaightear gur "rialaitheoir sonraí" thú mar gur bheartaigh tú an drón a úsáid chun íomhánna de dhuine a ghabháil.

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R0947

## Dlíthiúlacht na Próiseála

Mar a chéile le próiseáil ar bith a dhéantar ar shonraí pearsanta, ní mór bunús dlí a bheith ag an taifeadadh a dhéantar ar íomhánna inaitheanta daoine faoin na creataí reachtaíochta cosanta sonraí. D'fhéadfadh toiliú duine aonair ó thaobh a chuid/a cuid sonraí pearsanta a phróiseáil bunús dlí a chur ar fáil le sonraí a phróiseáil; Mar sin féin, ní dócha go mbeidh baint aige seo le formhór na n-úsáidí a bhaintear as dróin, mar go mbeidh sé thar a bheith deacair toiliú faoi shaoirse an uile dhuine a ndéantar taifeadadh orthu a fháil go héasca.

Is minic, go bhféadfadh úinéirí agus áitritheoirí áitribh úsáid a bhaint as dróin ar mhaithe le leasanna dlisteanacha ó thaobh féachaint ar a gcuid talún. Is féidir le leasanna dlisteanacha den sórt seo bunús dlí a chur ar fáil do phróiseáil sonraí pearsanta, ar an gcoinníoll go bhfuil leasanna an rialaitheora sonraí cothromaithe le, agus nach bhfuil siad á sárú ag, cearta an duine aonair a bhfuil próiseáil á déanamh ar a gcuid sonraí.

Nuair atáthar ag brath ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dlí le húsáid a bhaint as dróin, ba chóir go mbeadh ar chumas an rialaitheora sonraí a léiriú gur:

- ☑ Ar mhaithe lena leasanna i ndáiríre atá an phróiseáil á déanamh
- ☑ Go bhfuil próiseáil riachtanach ar mhaithe leis an gcuspóir/na cuspóirí atá aitheanta acu a bhaint amach
- ☑ Nach bhfuil tionchar díréireach ar na daoine aonair a bhfuil próiseáil á déanamh ar a gcuid sonraí pearsanta, tríd an tionchar is lú a bheith aige ar a bpríobháideachas, de bhun nádúr na próiseála nó na cosaintí a thugtar isteach.

Is sampla dá leithéid de chosaint é bogearraí uathoibrithe doiléire a dhéanann aghaidh, colainn agus uimhirphlátaí doiléir go huathoibríoch ar íomhánna agus ar fhíseáin.

## Gníomhaíocht de Chineál Tís nó de Chineál Pearsanta

Má bhíonn drón á úsáid i gcomhthéacs gníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála (mar shampla, más grianghrafadóir gairmiúil thú nó má tá suirbhéanna talaimh feirme á ndéanamh agat trí aerléarscáiliú agus tú i mbun do chuid gníomhaíochta feirmeoireachta), ní thiocfaidh an úsáid sin faoin sainmhíniú ar “ghníomhaíocht de chineál tís nó de chineál pearsanta”.

Ar an lámh eile, b'fhéidir go bhfaighfí gur gníomhaíocht de chineál tís nó de chineál pearsanta í **gníomhaíocht áineasa** agus nach dtiocfadh sí faoi raon feidhme dlí cosanta sonraí ag brath ar **imthosca an cháis**, go háirithe ar úsáid na sonraí i ndiaidh iad a bhailiú agus an bealach a bhailítear iad.

Mar shampla, más caitheamh aimsire duit í an ghrianghrafadóireacht agus má tá fonn ort **triail a bhaint as do dhrón nua** i bpáirc phoiblí, d’fhéadfadh ceamara an dróin taifeadadh a dhéanamh ar dhaoine eile de thimpiste. Cé nach bhfaighfí gur “gníomhaíocht de chineál tís” í do ghníomhaíocht, ní hionann í agus gníomhaíocht faireachais ach oiread, agus **d’fhéadfaí** go bhfaighfí gur gníomhaíocht de chineál pearsanta í mura bhfoilsíonn tú do chuid taifeadtaí chuig lucht féachana gan srian. Níl aon rud faoin GDPR a chuireann cosc ar dhaoine grianghraif a thógáil in áit phoiblí. Ar an gcoinníoll nach bhfuil aon duine á chiapadh agat, ceadaítear go ginearálta grianghraif a thógáil de dhaoine go poiblí. Is rud eile é, áfach, an féidir leat grianghraf a fhoilsiú chuig lucht féachana leathan. I bhfocail eile, go ginearálta tá sé togha grianghraf a thógáil go poiblí; is é an rud a dhéanann tú leis an ngrianghraf a d’fhéadfadh a bheith ina shaincheist cosanta sonraí.

Ar an lámh eile, má chuireann tú do dhrón i bhfearas agus é a chur ag eitilt chun críche **faireachán a dhéanamh ar do ghairdín mór** féin, d’fhéadfaí nach measfaí gur “gníomhaíocht de chineál tís nó de chineál pearsanta” í an ghníomhaíocht sin má tá an ceamara atá ar an drón ábalta íomhánna den réadmhaoin phríobháideach/spás poiblí mórthimpeall a thaifeadadh. Mar shampla, mura bhfuil aon chóras i bhfeidhm le go mbeidh an drón ag eitilt ag airde nach ndéanfaidh sé ach íomhánna de do réadmhaoin féin a thaifeadadh. Bheadh an cás seo cosúil le CCTV a bheith suiteáilte in áitreabh príobháideach (féach: Treoir ar úsáid CCTV).

Má fhaightear gur gníomhaíocht de chineál tís nó de chineál pearsanta atá i do ghníomhaíocht le dróin, molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC), mar sin féin, go gcuirfeá cur chuige stuama i bhfeidhm, **agus a thabhairt ar aird go bhféadfadh riachtanais dhlíthiúla eile a bheith i gceist le do ghníomhaíocht.** Ba cheart duit iarracht a dhéanamh i gcónaí gan cur isteach ar spás príobháideach ná ar príobháideacht daoine eile trína n-íomhánna a thaifeadadh nó tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu.

## Oibleagáidí Cosanta Sonraí Ábhartha

Mar rialaitheoir sonraí, ní mór duit a chinntiú go gcomhlíonann tú – agus go bhfuil tú ábalta a léiriú don DPC tráth ar bith, go gcomhlíonann tú (féach: Oibleagáid Freagrachta)

– na hoibleagáidí cosanta sonraí infheidhme ar fad **sula ndéanann tú drón a eitilt**. (féach: [Bí ar an Eolas faoi do oibleagáidí]).

D'fhéadfadh go mbeadh ort na saincheisteanna cosanta sonraí a bhaineann le do chuid gníomhaíochta a mheas trí mheasúnú tionchair cosanta sonraí a dhéanamh (féach: [Measúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí]) agus polasaí príobháideachta sonraí a ullmhú.

Déantar roinnt de na **príomhshaincheisteanna do rialaitheoirí sonraí ar oibritheoirí dróin iad** a bhreithniú go sonrach thíos:

- Déan na dlíthe infheidhme go léir a chomhlíonadh, ní hamháin dlíthe cosanta sonraí (mar shampla, dlí torta maidir le foghail nó dlí eitlíochta), chun go mbeidh do ghníomhaíochtaí próiseála sonraí **dleathach;**
- Déan **na críocha** dá mbailíonn tú sonraí pearsanta le do dhrón a shainmhíniú, agus ar deireadh a dhéanann tú tuilleadh próiseála orthu chun na gcríoch céanna nó críocha comhoiriúnacha, lena n-áirítear sonraí a nochtadh do thríú páirtithe. [Bunúis Dlí i gcomhair Próiseála]).

Mar shampla, más é an cuspóir atá le taifeadadh a dhéanamh ar íomhánna leis an drón **éilimh um dhíobháil phearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach**, d'fheadfaí nochtadh ina dhiaidh sin do dhlíodóir a cheadú, mar go bhfuil tosach feidhme **imeachtaí dlí** comhoiriúnach leis an gcuspóir tosaigh, cé nach mbeadh sé comhoiriúnach le cuspóir an réitigh na híomhánna a nochtadh ar líne chuig lucht féachana gan teorainn mar go raibh eachtra greannmhar ann a d'fhéadfadh

- A bheith ag brath ar **bhunús dlisteanach** d'fhonn leanúint ar aghaidh le do ghníomhaíochtaí próiseála sonraí, atá ag brath ar imthosca do cháis (féach: [Bunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil]).

Mar shampla, d'fhéadfadh toiliú a bheith ina bhunús dlisteanach chun **taifeadadh a dhéanamh ar sheisiún traenála spóirt** foirne le drón atá feistithe le ceamara, mar go bhféadfadh sé a bheith indéanta toiliú a fháil faoi shaoirse, go feasach agus gan débhrí ó na baill foirne roimh an traenáil, cé go mbeadh sé deacair toiliú bailí a fháil ó dhaoine amhail treaspásóirí chun **faireachas a dhéanamh ar thalamh feirme** le drón. Ina áit sin, d'fhéadfaí brath ar leas dlisteanach an úinéara talún ó thaobh a gcuid maoine agus earraí a chosaint (féach: [Bunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil]).

- An **fhaisnéis** atá de dhíth a chur ar fáil do gach duine is ábhar do na sonraí, agus san fhoirm a sholáthraítear, i ndlí cosanta sonraí (féach: [Faisnéis Thrédhearcach a Sholáthar]) a luaithe agus a bhailíonn tú a sonraí pearsanta (ag an nóiméad a

dhéanann tú taifeadadh ar fhaisnéis leis an drón) le go mbeidh siad ábalta a gcearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm (féach: Cearta Daoine Aonair faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Braitheann na bearta sonracha ar an gcomhthéacs sonrach agus ar an timpeallacht shonrach ina mbailítear na sonraí.

Mar shampla, má úsáidtear dróin in áiteanna poiblí ina bhfuil sé deacair teorainn an taifeadta a leagan amach (mar shampla, i gcás staide, nó ag an mbealach isteach chuig talamh feirme nó réadmhaoin phríobháideach eile), **d'fhéadfadh nach leor fógraí príobháideachais**, agus d'fhéadfá cur chuige srathaithe a ghlacadh:

a) Comharthaíocht a bheith agat lasmuigh den ionad nó ag pointí teorann áirithe;
b) Cuir in iúl go bhfuil taifeadadh á dheanamh ag an drón atá in úsáid trí úsáid a bhaint as fuaimeanna/soilse gealánacha;
c) Déan tú féin a aithint mar oibritheoir an dróin trí éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh agus bí ullamh an fhaisnéis atá de dhíth a thabhairt trí nasc chóid QR chuig láithreán gréasáin a bhfuil fógra príobháideachta air.

- Na sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid sa mhéid is go bhfuil dianghá leis i gcomhréir le do chuid cuspóirí (**"íoslaghdú sonraí"**). Déan córas bailithe sonraí do dhróin agus na córais stórála sonraí a shocrú ar bhealach, mar réamhshocrú, a sheachnaíonn sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach a bhailiú agus a phróiseáil tuilleadh mar shampla trí shonraí pearsanta a dhéanamh anaithnid (féach: Anaithnidiú agus ainm bréige a chur i bhfeidhm).

Mar shampla, déanann ceamara an taifeadta íomhánna de dhaoine fisiciúla **a aithint agus déanann sé doiléir iad go huathoibríoch** sa chás go bhfuil tú ag bailiú sonraí chun stádas reatha an fhéir ar thalamh feirme a mheas agus sin amháin.

## Drón a Cheannach

Mar rialaitheoir sonraí, tá sé de fhreagracht ort a chinntiú go bhfuil an córas dróin a bheidh á úsáid agat ag comhlíonadh **reachtaíocht príobháideachta de réir dearadh agus réamhshocraithe** (féach: Cosaint Sonraí de réir Dearadh agus Réamhshocraithe). Nuair atá do threalamh á cheannach agat, ní mór duit a sheiceáil cibé ar táirgeadh an gléas agus aird á tabhairt ar oibleagáidí cosanta sonraí.

Mar shampla, d'fhonn íoslaghdú sonraí a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh tú ábalta córais bailithe sonraí atá feistithe ar dhrón **a chur ar siúl nó a chasadh as** nuair is cuí agus **teorainn a chur lena uillinn físe** i gcomhréir le do chuid cuspóirí (i.e. Níl uilinn 360 ag teastáil uait má tá do dhrón á eitilt agat chun críche damáiste faoi leith a rinneadh do dhíon a mheas i ndiaidh stoirme). D'fhonn prionsabal na trédhearcachta a chomhlíonadh, ba cheart comharthaíocht shásúil a bheith ag an drón, amhail, mar shampla, **soilse nó dordánaithe.**

Tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm ar mhaithe le **slándáil** na próiseála (féach: Treoir ar Shlándáil Sonraí), agus ná dearmad go bhféadfadh an oibleagáid atá ort sonraí pearsanta a phróiseáil de réir phrionsabal ionracais agus rúndachta a bheith sáraithe agat i gcás gur theip ar aon cheann de na bearta sin, agus go bhféadfadh dualgas a bheith ort sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú (féach: Fógraí Sáraithe i ndáil le Sonraí Pearsanta). Tabhair aird faoi leith ar ghnéithe slándála teicneolaíochta atá leabaithe i gcóras an dróin chun sonraí a bhailiú agus a stóráil.

Mar shampla, seiceáil an bhfuil an fístaifeadadh stóráilte ar an ngléas féin, ar ghaireas stórála soghluaiste (amhail méaróg chuimhne), nó ar sheirbhís néalstórála agus ba cheart céimeanna a ghlacadh chun aon bhaol breise maidir le caillteanas nó goid sonraí pearsanta a mhaolú, amhail sonraí a chriptiú sula n-aistrítear iad ón ngléas go dtí an néalstóráil. Ba cheart duit a bheith airdeallach faoi 'chúléisteacht', trasnaíocht cianrialaithe agus foirmeacha eile ionsaithe nuair atá dróin á n-oibriú ó chian agat.

## Seirbhísí Tríú Páirtithe a Úsáid

Nuair atá do dhrón á shocrú agat, féadfaidh tú seirbhísí tríú páirtithe amhail néalstóráil a úsáid d'fhonn na sonraí a bhailítear le do dhrón a stóráil go slán sábháilte agus go héasca. D'fhéadfaí go bhfaighfí gur **próiseálaithe sonraí** iad na daoine a chuireann na seirbhísí sin ar fáil nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil acu thar do cheann. Mar rialaitheoir sonraí, is ortsa a bheadh na príomhfhreagrachtaí faoin dlí um chosaint sonraí (féach: An Bunús atá le Cosaint Sonraí) agus ní mór do chaidrimh le próiseálaithe a bheith faoi rialú ag **conradh i scríbhinn** (féach: Treoir maidir le Conarthaí idir Rialaitheor Sonraí agus Próiseálaí Sonraí) ina leagtar amach freagrachtaí próiseálaithe do gach oibriú chóras bailithe agus stórála an dróin. I gcás **comhrialaitheoirí** (mar shampla, nuair a bhailíonn tú sonraí agus déanann tú iad a roinnt le gníomhaireacht fógraíochta nó le cliant) d'fhéadfadh oibleagáidí sonracha amhail doiciméad a

dhréachtú ina leagtar amach na freagrachtaí faoi seach a bheith i gceist (féach: Rialaitheoir agus Próiseálaí).

Mar shampla, d'fhéadfadh gur gá duit smaoineamh go cúramach an bhfuil aon tríú páirtí den sórt sin a chuireann seirbhisí ar fáil duit **lonnaithe lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)** (ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua). Mura ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le leordhóthanacht na reachtaíochta um chosaint sonraí atá i bhfeidhm in aon tír lasmuigh den LEE, tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil sé dleathach sonraí pearsanta a aistriú chuig na tíortha seo (féach: Aistrithe Sonraí Pearsanta).

## Gníomhaíocht Amhrasach Dróin

Chun ábhar imní atá agat maidir le do chearta cosanta sonraí a tharraingt anuas leis an DPC, ní mór duit **sonraí an rialaitheora sonraí** a thabhairt (ar cheart duit **teagmháil a dhéanamh leo ar dtús** nuair is féidir agus nuair is cuí). Ní bheidh an DPC ábalta gearán a thabhairt ar aghaidh mura gcuirtear céannacht an rialaitheora ar fáil agus go bhfuil fianaise ann go ndearnadh próiseáil ar do shonraí pearsanta.

Nuair a aithníonn an DPC sáruithe ar an reachtaíocht um chosaint sonraí in aon earnáil nó in aon chás, tá cumhachtaí aige pionóis a ghearradh, lena n-áirítear fíneálacha riaracháin a ghearradh (chun tuilleadh eolais a fháil faoin mbealach do chuid cearta a fheidhmiú, téigh chuig Imní a ardú).

Mura bhfuil céannacht oibritheoir an dróin ar eolas agat, d'fhéadfá an cás a tharchur chuig an stáisiún Gardaí áitiúil, mar aon le heachtra ar bith eile arb ábhar imní é nach bhfuil bainteach le cosaint sonraí (féach: www.garda.ie/en/contact-us/).

## Úsáid Drón i gCinneadh an DPC maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh[2]

In 2021, chuir an DPC fiosrúchán féintoilithe i gcrích ar ghníomhaíochtaí faireachais Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Údaraíodh Oifigigh Údaraithe ó Aonad um Imscrúduithe Speisialta an DPC i Meitheamh 2018 tabhairt faoi shraith imscrúduithe

[2] https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2022-01/REDACTED_091221_Final%20DecisionLimerick_03-SIU-2018%20PDF%20FINAL.pdf

faoi ailt 110 agus 123 d'Acht 2018 maidir le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le faireachas teicneolaíochtaí a mbaineann údaráis Stáit úsáid astu, go háirithe, na húdaráis áitiúla éagsúla agus an Garda Síochána chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

Mar chuid den chinneadh seo, chuaigh an DPC i mbun fiosruithe maidir leis an úsáid a bhaineann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh as dróin. Bhí dróin in úsáid ag an gComhairle chun críocha forfheidhmiú dramhaíola. Dúirt an Chomhairle nach raibh sé ar intinn aici drón a úsáid chun íomhánna de dhaoine a ghabháil. Mhaígh an Chomhairle, áfach, gur i gcás go bhfuarthas íomhá de dhuine i mbun dramhaíl a dhumpáil, go n-úsáidfí an íomhá seo chun críche an chiona a imscrúdú. Ar leithligh, d'úsáid Rannóg um Monatóireacht Uisce na Comhairle dróin chun suirbhéireacht a dhéanamh ar na huiscebhealaí i gcomhthéacs a cumhachtaí forfheidhmithe dlí faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce. Mhaígh an Chomhairle go bhféadfadh sí aon íomhá a bhí gafa aici de thruaillitheoirí a bhfuil amhras fúthu a úsáid chun críocha imscrúdaithe agus ionchúisimh.

Dá réir, fuarthas amach sa chinneadh gur phróiseáil an Chomhairle sonraí pearsanta leis an úsáid a bhain sí as dróin. In ainneoin sin, ní raibh aon iarracht déanta ag an gComhairle an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 90 d'Acht 2018 a chur ar fáil don phobal i gcoitinne tráth a raibh na sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na dróin, ná nuair a bhí an phróiseáil déanta. Fuarthas amach sa chinneadh go mba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle. Chomh maith leis sin, ní raibh aon pholasaí cosanta sonraí ag an gComhairle leis an úsáid a bhaineann sí as dróin a rialú go dtí an 8 Samhain 2018. Fuarthas amach sa chinneadh go raibh dróin á n-úsáid ag an gComhairle chun coireacht a bhrath agus de bharr gur theip orthu Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) a dhéanamh roimh é nár chomhlíon sí alt 82(1) d'Acht 2018.

Leis an gcinneadh, ordaíodh don Comhairle a próiseáil le dróin a úsáidtear go príomha chun críocha forfheidhmithe dlí a tabhairt i gcomhréir le halt 90(1) d'Acht 2018 trína chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis go léir a éilítear faoi Alt 90 d'Acht 2018 ar fáil do gach duine is ábhar do na sonraí. Bhí ar an gComhairle an fhaisnéis a éilítear faoi alt 90 a dhéanamh inrochtana go héasca do dhaoine is ábhar do na sonraí trí Pholasaí Drón mionsonraithe a chur in áit a bhí inrochtana go héasca ar an láithreán gréasáin ina dtugtar faisnéis faoi na háiteanna ina mbeidh dróin á n-oibriú agus an fhaisnéis ábhartha a éilítear faoi alt 90.